gaelscoil na gcloch liath

Na Clocha Liatha
Co. Chill Mhantáin
Uimhir Rolla 20301C
Idirlíon: www.gscl.ie

Fón: (01) 2010718
Fón Póca: 086 8817632
Facs: (01) 2010717
R-Phost: oifig@gscl.ie

Polasaí Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta
Relationship and Sexuality Education Policy

Réamhrá *Introduction*

Is bunscoil lán-Ghaeilge, comhoideachas, idirchreidmheach í Gaelscoil na gCloch Liath, a bunaíodh sa bhliain 2008 faoi phátrúnacht an Fhoras Pátrúnachta. Freastalaíonn an scoil ar an éileamh d'oideachas bunscoile trí mheán na Gaeilge sa cheantar máguaird.
Gaelscoil na gCloch Liath is an all-Irish co-educational, interdenominational primary school, established in 2008 under the patronage of the Foras Pátrúnachta. The school caters for the demand for primary education through the medium of Irish in the locality.

Cuireadh an polasaí seo le chéile trí phróiséas comhoibrithe idir foireann múinteoireachta na scoile, an Bord Bainistíochta agus Coiste na dTuismitheoirí. Cuireadh le chéile é chun ár ndualgaisí a chomhlíonadh ráiteas a chur ar fáil maidir le OCG agus mar a mhúintear é sa scoil.
This policy was formulated through a process of collaboration between the teaching staff of the school, an Bord Bainistíochta agus Coiste na dTuismitheoirí. The document was put together in order to fulfil the school's obligations to provide a policy statement for RSE and how it is provided in the school.

Dá mba rud é go bhfuil difríocht idir a bhfuil scríofa as Gaeilge agus as Béarla sa pholasaí seo, glactar leis an leagan Gaeilge mar an leagan cruinn agus an leagan Béarla mar aistriúchán.
Should there be any discrepancy between the Irish and English in this policy, it is accepted that the Irish is the correct version and the English is provided as a translation.

Sainmheon na scoile *School Ethos*

Is scoil idirchreidmheach sinn agus mar sin tá ár bpolasaithe go léir curtha i bhfeidhm i mbealaigh atá oiriúnach do shainmheon na scoile. Cothaítear sainmheon na scoile trí:

- Bheith mothálach agus réalaíoch faoi shaol ár bpáistí i ndomhan atá i gcónaí ag athrú
- Meas cómhalartach a bheith idir na pairtnéirí go léir in oideachas
- Bheith Paiste lárnach
- Iarracht a dhéanamh cinntiú go néiríonn le gach páiste barr a cumas a shroicint
- Iarracht a dhéanamh ard féinmhuinín a chothú sna páistí go léir chun go mbeidh siad ábalta saol sona freagrach agus iomlán a bheith acu.

We are an interdenominational school; therefore all our policies are implemented in ways that are in keeping with the school ethos. The school ethos is developed by:

- *Being sensitive to the reality of our children's lives in a changing world*
- *Having mutual respect between all partners in education*
- *Being child-centred*
- *Aiming to ensure each child reaches full potential*
- *Encouraging children to grow in self-esteem to enable them to live happy and fulfilled lives.*

Aidhmeanna *Aims*

- Chun cabhrú le daoine óga gaolta caírdiúla agus sláintiúla a chothú
- Chun cabhrú le daoine óga dearcadh agus luachanna sláintiúla a chothú i dtaobh a ngnéasacht fein agus gnéasacht daoine eile ar bhealach móralach, spioradálach agus sóisialta
- Chun cur le forbairt pearsanta, féin mhuinín agus dea-bhail an pháiste
- Chun eolas cruinn a chur ar fáil faoi atáirgeadh agus meas a chur in iúl dó
- Chun iontas a chothú sa pháiste faoin mbealach a shaolaítear báibín nua agus an saol nua atá linn ansin
- Chun cabhrú leis an bpáiste bheith compórdach lena g(h)néasacht féin agus gnéasacht daoine eile agus iad ag fás agus ag forbairt.

- *To help young people develop healthy friendships and relationships*
- *To enable young people to develop healthy attitudes and values towards their sexuality in a moral, spiritual and social framework*
- *To enhance the personal development, self-esteem and wellbeing of the child*
- *To promote knowledge of and respect for reproduction*
- *To develop and promote a sense of wonder and awe at the process of birth and new life*
- *To enable the child to be comfortable with the sexuality of oneself and others while growing and developing.*

Cad é OCG? *What is RSE?*

Déanann O.C.G. iarracht seansanna a chur ar fáil do pháistí agus do dhaoine óga foghlaim faoi ghaolta le daoine eile agus gnéasacht an duine, i mbealaigh a chabhraíonn leo smaoineamh agus gníomhú ar shlí mórálach, tuisceanach agus freagrach.
R.S.E. aims to provide opportunities for children and young people to learn about relationships and sexuality in ways that help them think and act in a moral, caring and responsible way.

Topaicí a gClúdaítear
Topics Covered

Naíonáin Bheaga	
Topaicí	**Aidhm**
Seo Mise *This Is Me*	Chun cabhrú le páistí a thuiscint go bhfuil siad speisialta agus uathúil agus chun cur ar a gcumas mothú dearfach féinfheasachta a fhorbairt. *To help children appreciate that they are special and unique and enable them develop a positive sense of self-awareness.*
Cé Tusa? *Who Are You*	Chun cabhrú le páistí a thuiscint go bhfuil gach duine speisalta. *To help children appreciate that all people are special.*
Is cairde sinn *We Are Friends*	Chun cabhrú le páistí cairdeas a thuiscint ag díriú ar phiarchairdeas. *To help children appreciate friends with a focus on peer friendship.*
Seo iad mo theaghlach *This Is My Family*	Chun cabhrú le páistí a dteaghlach a aithint, chun scrúdú a dhéanamh ar nithe a dhéanann teaghlaigh le chéile agus chun na róil a bhíonn ag baill an teaghlaigh a aithint. *To help children identify the people who constitute their family, to explore things that families do together and to recognise the roles played by family members.*
Daoine a mhúineann sábháilteacht dúinn *People Who Teach Us About Keeping Safe*	Chun cabhrú le páistí na daoine ina dteaghlaigh, ar scoil agus sa phobal a mhúineann sábháilteacht dóibh a aithint. *To help children identify the people in their family, school and community who teach them about keeping safe.*
Tá mothúcháin againn *We Have Feelings*	Chun cabhrú le páistí mothúcháin a bhraitheann siad a ainmniú, suímh ina mbraitear na mothúcháin sin a aithint agus an chaoi a nochtar iad a scrúdú. *To help children name emotions they experience, to identify situations in which these emotions are experienced and to explore how they are expressed.*
Beatha nua *New Life*	Tuiscint áirithe a thabhairt do pháistí faoi bheatha nua sa saol. *To help children to become aware of new life in the world.*
Fásaim *I Grow*	Chun cabhrú le páistí eolas a fháil faoin bhfás fisiceach. *To help children become aware of physical growth.*
Ag déanamh roghanna *Making Choices*	Chun cabhrú le páistí a thuiscint go ndéanann siad roghanna ina ngnáthshaol. *To help children become aware that they make choices in their everyday lives.*

Naíonáin Mhóra	
Topaicí	**Aidhmeanna**
Féach cad is féidir liomsa a dhéanamh *Look What I Can Do*	Chun cabhrú le páistí a fháil amach faoina láidreachtaí pearsanta chun go mbeidh siad cinnte iontu féin. *To help children to discover their personal strengths so as to be affirmed in them.*
Seo iad mo chairde *These Are My Friends*	Chun cabhrú le páistí tuiscint a fháil ar luach cairdis ina saol agus conas an cairdeas sin a fhorbairt. *To help children develop an appreciation of the value of friendship in their lives.*
Seo iad mo theaghlach *This Is My Family*	Chun cabhrú le páistí foghlaim faoi róil na mball éagsúil de theaghlaigh agus chun an chaoi ar féidir leis na róil sin athrú a thuiscint. *To help children learn about the roles of different members of families and to understand how these roles may vary.*
Is féidir liom bheith sábháilte *I Can Be Safe*	Chun cabhrú le páistí foghlaim faoi bheith sábháilte san iliomad suíomh coitianta agus chun daoine a mhúineann straitéisí sábháilteachta dóibh a aithint. *To help children to learn how to keep safe in a variety of familiar situations and to recognise people who teach them safety strategies.*
Tá mothúcháin ag daoine eile chomh maith *Other People Have Feelings Too*	Chun cabhrú le páistí mothúcháin a aithint agus a ainmniú agus a thuiscint go bhfuil mothúcháin ag daoine eile chomh maith. *To help children to learn how to keep safe in a variety of familiar situations and to recognise people who teach them safety strategies.*
Ag tabhairt aire do bheatha nua *Caring For New Life*	Chun cabhrú le páistí fios a fháil ar bheatha dhaonna, maidir le haire a thabhairt do bhabaí nuashaolaithe. *To help children become aware of human life, in relation to the care of a new-born baby.*
Mo chorp *My Body*	Chun cabhrú le páistí foghlaim faoina gcoirp agus sa chomhthéacs sin na téarmaí cearta do chodanna an choirp a fhoghlaim. *To help children learn about their bodies and in this context to learn correct names for body parts.*
Fásaim agus Athraím *I Grow and Change*	Chun cabhrú le páistí fios a fháil go mbíonn athrú i gceist le fás agus go mbíonn rátaí fáis uathúil ag gach duine. *To help children become aware that growth involves change and that rates of growth are unique for each individual.*
Ag déanamh cinntí *Making Decisions*	Chun cabhrú le páistí fios a fháil faoi thosca a mbíonn tionchar acu ar an rogha a dhéanann siad. *To help children become aware of factors which influence choices*

Rang a hAon	
Topaicí	**Aidhmeanna**
Rudaí is maith liom a dhéanamh *Things I like to do*	An deis a thabhairt do pháistí tosaíochtaí pearsanta a nochtadh go muiníneach. *To provide children with opportunities to express personal preferences with confidence.*
Mo Chairde *My Friends*	Deiseanna breise a thabhairt do pháistí scrúdú a dhéanamh ar chairdeas agus ar an rud a chiallaíonn sé a bheith cairdiúil. *To provide children with further opportunities to explore what being friends and returning friendship can mean.*
Mo Theaghlach / Mo chlann *My Family*	Na deiseanna a thabhairt do pháistí bealaí inar féidir le baill an teaghlaigh cabhrú le chéile a aithint agus a thuiscint nach mar a chéile gach teaghlach. *To provide the children with opportunities to identify ways in which family members can help one another and to understand that all families are not the same.*
Sábháilteacht *Keeping Safe*	Deiseanna a thabhairt do pháistí daoine, áiteanna agus rudaí a aithint a chuireann an tsábháilteacht phearsanta i mbaol agus straitéisí sábháilteachta a fhorbairt. *To provide the children with opportunities to identify people, places and things which threaten personal safety and to develop strategies for keeping safe.*
Ag léiriú ár mothúchán *Showing our Feelings*	Deiseanna a thabhairt do pháistí roinnt feasachta a fhorbairt faoin mbrí agus mothú a léirítear trí dhreach gnúise, gothaí, luail agus tuin chainte. *To provide children with opportunities to develop some awareness of meaning and emotion conveyed through facial expression, gesture, movement and tone of voice.*
Iontas Beatha Nua *The Wonder of New Life*	Deiseanna a thabhairt do pháistí iontas beatha nua i ndomhan an dúlra a thuiscint agus a cheiliúradh. *To provide children with opportunities to appreciate and celebrate the wonder of new life in the world of nature.*
An chaoi a bhfeidhmíonn mo chorp *How My Body Works*	Deiseanna a thabhairt do pháistí foghlaim faoi na céadfaí agus a bhfeidhmeanna. *To provide children with opportunities to learn about the senses and their functions.*
Leis an bhfás tagann athruithe *Growing Means Changing*	Deiseanna a thabhairt do pháistí a aithint go dtagann freagrachtaí breise agus malartacha dóibh féin agus do dhaoine eile de réir mar a fhásann siad. *To provide children with opportunities to recognise that growing up brings increased and changing responsibilities for oneself and others.*
Cinntí agus a nIarmhairtí *Decisions and their Consequences*	Deiseanna a thabhairt do pháistí a fheiceáil go mbíonn iarmhairtí ag cinntí maidir lena dtionchar orthu féin agus ar dhaoine eile. *To provide children with opportunities to see that decisions have consequences in terms of their effect on themselves and other people.*

Rang a Dó	
Topaicí	**Aidhm**
Tá daoine eile speisialta *Other People are Special*	Deiseanna a thabhairt do pháistí tuiscint níos fearr a fháil ar dhaoine eile agus a thuiscint go bhfuil daoine eile speisialta chomh maith. Mar chuid den phróiseas seo beifear ag aithint cosúlachtaí agus difríochtaí. *To provide children with opportunities to become more aware of other people and to appreciate that other people are special too. Identifying similarities and differences will be part of this process.*
Cairdeas *Being Friends*	Deiseanna a thabhairt do pháistí scrúdú a dhéanamh ar théama an chairdis mar a bhaineann sé le taithí na bpáistí féin. *To provide children with opportunities to explore the theme of friendship as it relates to children's own experience.*
Mo Theaghlach / Mo Chlann *My Family*	Deiseanna a thabhairt dos na páistí scrúdú a dhéanamh ar a ról agus áit féin laistigh den teaghlach agus a bhfreagrachtaí indibhidiúla féin i leith ball eile den teaghlach a aithint, ag cuimhneamh ar na patrúin éagsúla teaghlach i measc na bpáistí. *To provide the children with opportunities to examine their own role and place within the family and to identify their own individual responses towards other family members, being sensitive to the differing family patterns experienced by the children*
Sábháilteacht *Keeping Safe*	Deiseanna a thabhairt do pháistí daoine, áiteanna agus rudaí a aithint a chuireann an tsábháilteacht phearsanta i mbaol agus straitéisí sábháilteachta a fhorbairt. *To provide the children with opportunities to identify people, places and things which threaten personal safety and to develop strategies for keeping safe.*
Ag déileáil lenár mothúcháin *Coping with Our Feelings*	Deiseanna a thabhairt do pháistí mothúcháin agus an chaoi a ndéileálaimid leo a aithint. *To provide children with opportunities to identify feelings and ways of coping with their feelings.*
Iontas Beatha Nua *The Wonder of New Life*	Deiseanna a thabhairt do pháistí iontas babaithe nua a thuiscint agus a cheiliúradh. *To provide children with opportunities to appreciate and celebrate the wonder of new babies.*
Nuair a theastaíonn aire speisialta ó mo chorp *When my Body needs Special Care*	Deis a thabhairt do pháistí dul siar ar na téarmaí ar chodanna eachtracha an choirp fhirinn agus bhaininn agus ar roinnt feidhmeanna gaolmhara i gcomhthéacs an ghá ócáidigh ag an gcorp le haire speisialta. *To give children an opportunity to revise the names of the external parts of the male and female body and some associated functions in the context of the body's occasional need for special care.*
Fás agus Athrú *Growing and Changing*	Deiseanna a thabhairt do pháistí a thuiscint go n-athraíonn a gcaidreamh leis an teaghlach agus le cairde de réir mar a fhásann agus a athraíonn siad. *To provide children with opportunities to realise that as they grow and change their relationships with family and friends change.*
Cinntí Pearsanta *Personal Decisions*	Deiseanna a thabhairt do pháistí plé a dhéanamh ar na toscaí a bhféadfadh tionchar bheith acu ar a gcinntí agus a roghanna pearsanta. *To provide children with opportunities to discuss the factors which may influence personal decisions and choices.*

Rang a Trí	
Topaicí	**Aidhmeanna**
Tallanna Speisialta *Special Gifts*	Deiseanna a thabhairt do na páistí meas a chothú ar a dtréithe, cumais agus éachtaí indibhidiúla agus ar thréithe, cumais agus éachtaí daoine eile. *To provide the children with opportunities to value their individual characteristics, abilities and achievements and those of others.*
Troideann cairde uaireanta *Sometimes friends fight*	Deiseanna a thabhairt do na páistí scrúdú a dhéanamh ar a tharlaíonn nuair a thiteann cairde amach le chéile. *To provide the children with opportunities to explore what happens when friends fall out.*
Mo Theaghlach *My Family*	Deiseanna a thabhairt do na páistí an chaoi a réitíonn baill teaghlaigh le chéile a thuiscint. *To provide the children with opportunities to appreciate how family members are related and relate to one another.*
Sábháilteacht *Keeping Safe*	Deiseanna a thabhairt do na páistí na daoine a aithint a n-áirítear sábháilteacht páistí ina bpost. *To provide the children with opportunities to identify the people whose job includes child safety.*
Ag léiriú mothúchán *Expressing Feelings*	Deiseanna a thabhairt do na páistí mothúcháin a aithint agus foghlaim faoin gcaoi ar féidir iad a léiriú ar bhealach cuí. *To provide the children with opportunities to identify feelings and emotions and to learn how they may be expressed in an appropriate manner.*
Ag ullmhú do Bheatha Nua *Preparing for New Life*	An deis a thabhairt do na páistí foghlaim faoin aire is gá do mháthair a thabhairt agus í ag feitheamh le breith babaí. *To provide the children with the opportunity to learn about the care that needs to be taken by a mother who is waiting for her baby to be born.*
Ár gCéadfaí *Our Senses*	Deiseanna a thabhairt do na páistí foghlaim faoina mbaill chéadfacha agus a bhfeidhmeanna. *To provide the children with opportunities to learn about their sensory organs and their functions.*
Athraím de réir mar a fhásaim *As I grow I change*	Deiseanna a thabhairt do pháistí na hathruithe fisiceacha, síceolaíochta agus sóisialta a tharlaíonn dóibh le linn a n-óige a thuiscint. *To provide the children with the opportunities to understand the physical, psychological and social changes they experience throughout childhood.*
Ag déanamh cinntí *Making Decisions*	Deiseanna a thabhairt do na páistí cinntí a dhéanamh agus na tosca a mbíonn tionchar acu ar chinntí agus roghanna pearsanta a phlé. *To provide children with the opportunities to make decisions and to discuss the factors which influence personal decisions and choices.*

Rang a Ceathair	
Topaicí	**Aidhmeanna**
Mé féin agus daoine eile *Myself And Others*	Deiseanna a thabhairt do na páistí scileanna a fhorbairt agus tábhacht na hidirghníomhaíochta le daoine eile a thuiscint. *To provide the children with the opportunities to develop skills and to appreciate the importance of interacting with others.*
Maistíneacht *Bullying Behaviour*	Deiseanna a thabhairt do na páistí foghlaim faoi mhaistíneacht, an fáth go dtarlaíonn sí agus bealaí chun déileáil léi. *To provide the children with opportunities to learn about bullying, why it occurs and ways of dealing with it.*
Mo Theaghlach *My Family*	Deiseanna a thabhairt do na páistí meas a bheith acu ar éagsúlacht teaghlaigh. *To provide the children with opportunities to value family difference.*
Cúiseanna le Rialacha *Reasons For Rules*	Deiseanna a thabhairt do na páistí a aithint gur ann do chúiseanna leis na rialacha, agus iarmhairtí a mbriste a thuiscint. *To provide the children with opportunities to recognise that rules exist for a reason, and to understand the consequences of breaking them.*
Mothúcháin *Feelings And Emotions*	Deiseanna a thabhairt do na páistí mothúcháin a thuiscint agus foghlaim conas déileáil leo, go háirithe leo sin a mbíonn sé deacair orthu iad a láimhseáil. *To provide the children with opportunities to understand and learn how to cope with feelings particularly those which they find difficult to manage.*
Iontas Beatha Nua *The Wonder Of New Life*	Deiseanna a thabhairt do na páistí ord na gcéimeanna forbartha den bhabaí daonna ó ghiniúint go breith a aithint agus a fhoghlaim. *To provide the children with opportunities to recognise and learn to sequence the stages of development of the human baby from conception to birth.*
Bí glan - bí sláintiúil *Being Clean-Keeping Healthy*	Deiseanna a thabhairt do na páistí foghlaim faoi thábhacht sláinteachais phearsanta mhaith. *To provide the children with opportunities to understand the importance of good personal hygiene.*
Fás agus Athrú *Growing And Changing*	Deiseanna a thabhairt do na páistí na hathruithe a tharlaíonn sna fireannaigh agus baineannaigh araon le linn an fháis go haosacht a thuiscint. *To provide the children with opportunities to understand the changes that take place in both males and females during growth to adulthood.*
Ag fuascailt fadhbanna *Problem-Solving*	Deiseanna a thabhairt do na páistí plé a dhéanamh faoin gcaoi ar féidir fadhbanna a fhuascailt. *To provide the children with opportunities to discuss how problems can be solved.*

Rang a Cúig	
Topaicí	**Aidhmeanna**
An Duine ar Mé *The Person I Am*	Deiseanna a thabhairt do na páistí chun feasacht ar a bhféiniúlacht féin agus na fachtóirí a imríonn tionchar uirthi a mhéadú. *To provide the children with opportunities to increase awareness of their own identity and the factors that influence it.*
Cineálacha Difriúla Cairde *Different Kinds Of Friends*	Deiseanna a thabhairt do na páistí a bhfeasacht a ardú ar chineálacha difriúla cairdis agus ar an mbealach ina léirítear cairdeas sna meáin. *To provide the children with opportunities to increase awareness of different types of friendship and the way friendship is portrayed in the media.*
Mo Theaghlach *My Family*	1 Deiseanna a thabhairt do na páistí plé a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann baill teaghlaigh cumarsáid le chéile agus a mothúcháin dá chéile a léiriú. 2 Dearcadh na meán i leith an teaghlaigh a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le taithí na bpáistí ar an teaghlach. *1 To provide the children with opportunities to discuss how family members communicate and express their feelings towards one another.* *2 To compare and contrast the media's view of the family with the children's experience of family.*
Sábháilteacht *Keeping Safe*	Deiseanna a thabhairt do na páistí a thuiscint go méadaíonn a bhfreagracht as a sábháilteacht phearsanta féin agus a bhfreagracht i leith daoine eile chomh maith de réir mar a fhásann siad. *To provide the children with opportunities to realise that as they grow their responsibility for their personal safety increases and their responsibility towards others increases also.*
Mothúcháin *Feelings And Emotions*	Deiseanna a thabhairt do na páistí feasacht ar an gcaoi a léirítear mothúcháin a ardú. *To provide the children with opportunities to increase awareness of how feelings and emotions are expressed.*
Fásann agus athraíonn mo Chorp *My Body Grows And Changes*	Deiseanna a thabhairt do na páistí a n-eolas agus tuiscint ar na hathruithe a tharlaíonn le linn caithreachais a mhéadú. *To provide the children with opportunities to increase their knowledge and understanding of the changes that take place during puberty.*
Iontas Beatha Nua *The Wonder Of New Life*	Deiseanna a thabhairt do na páistí na hathruithe a tharlaíonn le linn caithreachais a athbhreithniú agus foghlaim faoi gcaoi a dtosaíonn beatha nua. *To provide the children with opportunities to revise the changes that occur at puberty and to learn how new life begins.*
Ag tabhairt aire do bheatha nua *Caring For New Life*	Deiseanna a thabhairt do na páistí foghlaim faoi aire a thabhairt do bhabaí sa bhroinn agus faoin bhfreagracht a ghabhann le babaí, go háirithe an fhreagracht a bhíonn ar thuismitheoirí. *To provide the children with opportunities to learn about caring for a baby in the womb and the responsibility that a baby brings, especially to parents.*
Ag déanamh cinntí sláintiúla *Making Healthy Decisions*	Deiseanna a thabhairt do na páistí machnamh a dhéanamh ar shláinte agus ar shláinteachas pearsanta, ach go háirithe le linn caithreachais. *To provide children with opportunities to consider personal health and hygiene practice, especially as it relates to puberty.*

Rang a Sé	
Topaicí	**Aidhmeanna**
Mise agus Mo Bharrmhianta *Me and My Aspirations*	Deiseanna a thabhairt do na páistí machnamh a dhéanamh orthu féin mar atá siad anois agus smaoineamh ar an gcaoi ar mhaith leo a bheith sa todhchaí. *To provide the children with opportunities to reflect on themselves as they are now and to consider how they would like to be in the future.*
Cineálacha Difriúla Grá *Different Kinds Of Love*	Deiseanna a thabhairt do na daltaí feasacht ar chineálacha difriúla grá a phlé agus a fhorbairt. *To provide the pupils with opportunities to discuss and develop awareness of different types of love.*
Teaghlaigh *Families*	Deiseanna a thabhairt do na daltaí plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil aonaid teaghlaigh difriúil agus ar an gcaoi inar féidir coinbhleacht i dteaghlaigh a réiteach. *To provide the pupils with opportunities to discuss how family units differ and how conflict in families may be resolved.*
Sábháilteacht agus Sláinte *Keeping Safe And Healthy*	Deiseanna a thabhairt do na daltaí chun cód sláinte agus sábháilteachta pearsanta a fhorbairt. *To provide the pupils with opportunities to develop a personal health and safety code.*
Mothúcháin *Feelings And Emotions*	An cumas a thabhairt do na páistí mothúcháin a léiriú agus a rialú ar bhealach cuí. *To enable the children express and manage feelings in an appropriate manner.*
Ag fás agus ag athrú *Growing And Changing*	Deiseanna a thabhairt do na páistí feasacht ar na freagrachtaí a ghabhann le fás suas a mhéadú. *To provide the children with opportunities to increase awareness of the responsibilities that accompany growing up.*
Caidreamh agus Beatha Nua *Relationships And New Life*	1 Dul siar ar na hathruithe a tharlaíonn le linn caithreachais. 2 Dul siar ar thús beatha nua, giniúint agus toircheas agus an tionchar atá aige ar theaghlach a scrúdú. *1 To revise the changes that take place during puberty.* *2 To revise the beginning of new life, conception and pregnancy and to explore its impact on a family.*
Is míorúilt é babaí. *A Baby Is A Miracle*	1 Deiseanna a thabhairt do na páistí míorúilt beatha nua a thuiscint. 2 Dul siar ar fhorbairt an bhabaí sa bhroinn agus na hathruithe a thugann babaí chuig saol a t(h)uismitheoirí a mheas. *1 To provide the pupils with opportunities to appreciate the miracle that is new life.* *2 To revise the development of the baby in the womb and to consider the changes a baby brings to the lives of his/her parents.*
Roghanna agus Cinnteoireacht *Choices and Decision-Making*	Deiseanna a thabhairt do na daltaí scileanna cinnteoireachta a fhorbairt agus na fachtóirí a imríonn tionchar ar chinntí agus roghanna pearsanta a scrúdú go criticiúil. *To provide pupils with opportunities to develop decision making skills and to examine critically the factors which influence personal decisions and choices.*

Gaol idir O.C.G. agus O.S.P.S. *Relationship between RSE and SPHE*

Cabhraíonn O.S.P.S. le cothú oibre na scoile trí shláinte agus dea-bhail na bpáistí agus na daoine óga a chur chun cinn.. Tárlaíonn sé seo i gcomhthéacs a bhforbairt mothúcháin, mórálach, sóisialta agus spioradáltach, chómh maith lena bhforbairt intinne, fisiciúil, politiciúil, creidmheach agus cruthaitheach.
Social, Personal and Health Education contributes to developing the work of the school in promoting the health and well-being of children and young people. This happens in the context of their emotional, moral, social and spiritual growth, as well as their intellectual, physical, political, religious and creative development.

Ar fáil faoi láthair sa scoil *School Provision*

Úsáidtear na cláracha seo chun OCG a chur i bhfeidhm:
The following programmes are used to implement our policy;

• An Clár O.C.G.	• *The R.S.E. programme*
• Cláracha Creidimh: o Beo go Deo & Follow Me	• *Religious Programmes:* o *Beo go Deo & Follow Me*
• Misneach	• *Walk Tall Programme*
• O.S.P.S.	• *S.P.H.E.*
• Fan Slán	• *Stay Safe Programme*

Treoirlínte maidir le Bainistíocht agus Eagrúchán O.C.G. in ár scoil
Guidelines for the Management and Organisation of R.S.E. in our school

Cúrsaí Curaclama

- Ábhar curaclama- Leanfar an Curaclam mar atá foilsithe ag an N.C.C.A. tríd na ranganna ó Naíonáin Bheaga suas go Rang a Sé. Beidh na hachmhainní go léir atá in úsáid in oiriúint do pholasaí agus sainmheon na scoile.
- I suíomh go bhfuil níos mó ná rang amháin le chéile, beidh an rang /na ranganna is óige tógtha amach as an rang má tá ábhair á mhúineadh nach bhfuil oiriúnach dá haois.
- Nuair a úsáidtear cainteoir ón taobh amuigh, tá sé de dhíth ar an múinteoir ranga iad a chur ar an eolas faoi pholasaí na scoile, agus fanfaidh an muinteoir sa rang i rith an cheachta i gcónaí.

Curriculum Matters

- *Curriculum Content- the Curriculum as published by the N.C.C.A. will be followed through the classes from Naíonáin Bheaga to Rang 6. All resources used will be in keeping with the ethos of the school and this policy.*
- *In a multi-class situation, the younger class/classes will be withdrawn when topics being taught are not age-appropriate.*
- *When an outside speaker is used, the class teacher is responsible for making them aware of school policy and that teacher will always sit in during the lesson.*

Cúrsaí Eagraíochta

- I dtaobh ábhar pearsanta atá pléite sa rang, ní féidir leis an scoil aon fhreagracht a ghlacadh faoin mbealach a pléitear é taobh amuigh den suíomh seo.

- Tá sé de cheart ag aon mhúinteoir gan na hábhair mothálacha O.C.G. a mhúineadh. Luíonn freagracht leis an mBord Bainistíochta cinntiú go mbeidh an t-ábhar múinte do na páistí ag múinteoir eile nó ag cuairteoir.
- Sa scoil seo feictear tuismitheoirí/caomhnóirí na bpáistí mar phríomh oideachasóirí a bpáistí agus tá an scoil ag obair i ról tacaíochta.
- Tugtar cuireadh do thuismitheoirí féachaint ar an gcuraclam agus tá fáilte rompu labhairt leis an múinteoir ranga má tá imní orthu faoi.
- Aithnítear go bhfuil sé de cheart ag tuismitheoir páiste a bhaint amach as rang O.C.G. ar leith ar an tuiscint go bhfuil an tuismitheoir sin iomlán freagrach as an toipic seo a mhúineadh don páiste iad féin. Tá cúram ar an tuismitheoir an cinneadh seo a chur i scríbhinn chuig na scoile.
- Má tá páistí ann nach bhfuil tuistí sásta go ndéanfadh siad na hábhair mothálacha den cúrsa, moltar go mbeadh O.C.G. á mhúineadh ag deireadh an lae ionas gur féidir le tuismitheoir/caomhnóir an páiste a thógáil abhaile go luath (chun nach mbeadh aird na bpáistí dírithe air/uirthi)
- Tá sé mar pholasaí againn i nGaelscoil na gCloch Liath nósanna imeachta mar atá leagtha amach i Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile, ROS 2011 mar aon le Páistí ar dTús (2011) a leanúint. Tá Polasaí Chaomhnú Páistí againn inar ainmníodh Príomhoide na scoile mar dhuine Caidrimh. Má nochtar eolas a bhaineann le caomhnú páistí, cloífidh an múinteoir agus an Príomhoide leis an bPolasaí Chaomhnú Páistí agus nósanna imeacht mar atá leagtha síos i "bPásití ar dTús" (2011).

Organisational matters

- *With regard to matters of a intimate nature discussed in class, the school cannot take any responsibility for what is discussed at a later stage in other situations by the children.*
- *Any teacher has the right to opt-out from teaching the sexually sensitive issues in R.S.E. It is the responsibility of the Board of Management to ensure that the curriculum will be taught to the children by another teacher or a guest speaker.*
- *In this school, the parents are acknowledged as primary educators of their children and the school will work in a supportive role.*
- *Parents are invited to view the curriculum and may speak to the teacher if they have any concerns.*
- *It is recognised that a parent has the right to withdraw a child from an R.S.E. specific class on the understanding that the parent is taking full responsibility for this aspect of education themselves. It is the parent's responsibility to inform the school of this decision in writing.*
- *If there are children whose parents wish them withdrawn for the sexually sensitive topics, we recommend that R.S.E. be taught last thing in the day in order that the parent/guardian may withdraw the child on some other pretext (so as not to draw attention to them)*
- *It is the policy of Gaelscoil na gCloch Liath to follow the practices laid down in the Child Protection Procedures for Primary and Post-Primary Schools from the Department of Education & Skills, 2011 in conjunction with "Children First" (2011). We have a Child Protection Policy in which the Principal is recognised as the Designated Liaison Person. If cases of disclosure, the teacher and DLP will adhere to our Child Protection Policy and follow procedures set out in "Children First".*

Ag deileáil le ceisteanna

- Freagrófar aon cheisteanna atá clúdaithe sa churaclam don aois grúpa atá i gceist le linn am ceachtadh.
- Is féidir ceisteanna a chur ar an múinteoir ó bhéal nó i scríbhinn sa rang agus freagrófar iad taobh istigh de theorainn na curaclama agus an polasaí seo.
- Má cuirtear ceisteanna nach bhfuil oiriúnach iarrfaidh an múinteoir ar an bpáiste an cheist a chur ar a thuismitheoirí/chaomhnóirí.

- Ní féidir leis an scoil freagracht rúin a ghlacadh má chuireann páiste ceist phearsanta nó má insíonn said eolas phearsanta fúthu féin.

Dealing with questions

- *All questions within the parameters of the curriculum will be answered within lesson time.*
- *Questions within the class may be oral or written and will be answered within the bounds of the curriculum and this policy.*
- *If inappropriate personal questions are asked the teacher will recommend to the child to ask his/her parents/guardians.*
- *The school cannot guarantee confidentiality if a child asks a question of a personal nature to themselves or discloses personal information.*

Bunrialacha/ Conradh

- Léireoidh mé meas do chách.
- Is féidir liom beith ag gáire ach ní faoi pháíste eile.
- Ní cead agam ceisteanna pearsanta a chur faoin múinteoir nó faoi pháistí eile.
- Ní ainmneoidh mé daoine eile agus ní labhróidh mé faoi dhaoine eile i rith na ceachtanna.
- Is féidir liom ábhar na ceachtanna a phlé le mo thuismitheoirí.caomhnóirí, ach níl cead é a phlé le héinne níos óige nó éinne nach bhfuil sa rang inniu.
- Geallaim rúndaíocht faoi cheisteanna pearsanta a chuirtear nó eolas pearsanta a roinneann páiste eile le linn am ceachtadh.
- Cuirfear na rialacha seo in oiriúnt don aoisghrúpa atá sa rang.
- Baineann na rialacha seo le gach rang agus iarrtar ar pháistí ó Rang 3 – Rang 6 conradh a shíniú maidir leis na rialacha seo freisin.

Ground Rules/ Contract

- *I will show respect for all.*
- *I can laugh but not about others.*
- *I will not ask personal questions about teachers or other children.*
- *I will not name or talk about other people during the teaching of these lessons.*
- *I can discuss all content with parents/guardains, but not with anyone younger or not present here today.*
- *I promise confidentiality regarding any intimate questions asked or intimate information given by another child during the lesson.*
- *These rules will be tailored to suit the age range of the children in the class.*
- *These rules apply to each class and we ask the children from 3rd to 6th class to sign a contract containing these rules.*

Soláthar Tacaíochta do Thuismitheoirí *Provision for Parental Support*

- Is féidir le tuismitheoirí/caomhnóirí an clár O.C.G. a íoslódáil ó www.ecdrumcondra.ie faoi "programmes" nó ceist a chur ar an múinteoir ranga an cóip scoile a thaispeánt dóibh.
- Nuair a thosaíonn pásite sa scoil, cuirtear in iúl dá t(h)uismitheoirí/c(h)aomhnóirí go múintear O.C.G. sa scoil agus gur féidir leo an páiste a bhaint ón rang seo. Más fearr le tuismitheoirí/caomhnóirí nach bhfreastalódh an páiste ar cheachtanna O.C.G. ní mór dóibh seo a chur in iúl i scríbhinn.

- Cuirfear an leathanach nasc-baile ón leabhar O.C.G. abhaile ag déanamh cur síos ar ábhar an cheachta sula múinfear aon cheacht le topaic mothálach. (Naíonáin Mhóra, Rang a 4, Rang a 5 agus Rang a 6)
- Má tá ceist/buairt ar bith ag tuismitheoirí, is féidir leo cruinniú a eagrú leis an múinteoir ranga.
- Is féidir le Coiste na dTuismitheoirí cainteoir a eagrú, má lorgaítear é, chun labairt le tuismitheoirí maidir leis na hábhair a chlúdaítear sa chlár seo.

- *Parents/Guardians can download the R.S.E. programme on www.ecdrumdcondra.ie under "programmes" or they may ask the class teacher to allow them to look at the school's copy.*
- *When a child starts in the school his/her parents/guardians are made aware that R.S.E. is taught in the school and that they may withdraw the child from these lessons if they wish. If the parents/guardians wish their child not to attend these R.S.E. lessons, they need to inform the school in writing.*
- *The home/school link page from the R.S.E. book, detailing the subject, will be sent home prior to the teaching of lessons involving sensitive issues. (Senior Infants, 4th Class, 5th and 6th Classes)*
- *If parents have any questions/concerns, they are welcome to arrange a meeting with the teacher.*
- *The Parents' Association can, if requested, arrange a speaker for parents regarding subjects covered in this programme.*

Athbhreithniú (*Review*)

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo gach dara bliain.
This policy will be reviewed every second year.

Daingniú agus Cumarsáid (*Ratification and Communication*)

Dhaingnigh an Bord Bainistíochta an polasaí ar an 15ú Márta 2012.
Cuirfear cóip den pholasaí ar fáil do gach ball foirne agus do gach tuismitheoir nuair a dhaingnítear é.
Déanfar tagairt don pholasaí seo sa leabhrán eolais do thuismitheoirí/caomhnóirí nua, agus cuirfear in iúl dóibh cá háit is féidir teacht ar an bpolasaí seo agus iad ag glacadh áite dá bpáiste sa scoil.

This policy was ratified by the Board of Management on the 15th March 2012.
A copy of the policy will be made available to each member of staff and each parent once it has been ratified. Reference will be made to the policy in the handbook for new parents, and they will be informed as to where this policy can be accessed, when they accept a place for their child in the school.

Sínithe: _____ Dáta: _____
Cathaoirleach